

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Aitheantóir TUSLA:	TU2015KY056
---------------------------	-------------

Ainm na Seirbhíse:	Ionad Cúraim Leanaí na Dromad
---------------------------	-------------------------------

Seoladh na Seirbhíse:	An Chillín Liath, Máistir Gaoithe, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí
------------------------------	--

Éirchód:	V23 FT62
-----------------	----------

Ainm an tSoláthraí Chláraithe:	Cáit Uí Chonaill, Sarah Uí Shuilleabháin
---------------------------------------	--

An Cineál Seirbhíse:	Lá Iomlán
-----------------------------	-----------

Dáta(i) na Cigireachta:	19/04/2023
Dáta an Chruinniú Forfheidhmithe	19/06/2023
Rialála:	

An líon leanaí réamhscoile:	AM	10	PM	10
------------------------------------	----	----	----	----

Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:	Áras an Phobail, Lána Dean, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Cigireacht déanta ag:	N. Reidy
Teideal:	Cigire Luathbhlianta

Údarás a bhfuil Cigireacht le déanamh air

Déanann Cigireacht Luathbhlianta Tusla cigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) d'Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013).

Coinníollacha, más infheidhme	n/b
--------------------------------------	-----

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís luathbhlianta lae iomláin pobalbhunaithe é Ionad Cúraim Leanaí na Dromad atá cláraithe chun seirbhís chúraim a chur ar fáil do leanaí idir 0 agus 6 bhliain d'aois. Tá an tseirbhís oscailte Luan go hAoine, idir 08:30 am agus 5:30 pm, na huaireanta sin san áireamh.

Soláthar Foirne

I láthair na huaire tá 3 dhuine fásta fostaithe chun oibriú go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís. Tá 2 sholáthraí cláraithe, agus tá duine amháin de na soláthraithe sin ag obair sa tseirbhís sa tráthnóna.

Modheolaíocht

Is í Cigire Luathbhlianta Tusla rialtóir reachtúil neamhspleách seirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainítear i Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016, an dualgas atá ar sholáthraí cláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus na rialacháin seo a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, tugann an tAcht seo an t-údarás do Tusla comhlíontacht leis na rialacháin a mheas. Is é aidhm an rialacháin a bhaineann le seirbhísí luathbhlianta a chinntiú go bhfuil aird á tabhairt ar chúram, sábháilteacht agus folláine leanaí atá ag freastal ar a leithéid de sheirbhísí. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Stair chigireachta roimhe seo
- Aon fhaisnéis a fuarthas maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- Faisnéis faighte trí dhoiciméid a scrúdú
- Breathnóireacht dhíreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Cigireacht *gan choinne* a bhí ann a bhí dírithe ar na réimsí seo a leanas - *rialachas/sláinte, leas agus forbairt linbh/sábháilteachta/áitribh agus saoráidí*. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh na cigireachtaí díriú ar réimsí eile de réir mar is gá.

Déantar torthaí cigireachtaí a dhoiciméadú sa tuarascáil chigireachta a eisítear i ndrúachtfhormáid ar dtús chuig an tseirbhís agus tugtar deis d'fhoireann na seirbhíse freagairt d'aon torthaí. Sa chás go sainaitheann nach bhfuil

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe an tslí a bhfuil an neamhchomhlíonadh curtha ina cheart aige nó aici a léiriú agus cuirfidh sé nó sí cosc ar atarlú aon neamhchomhlíonta. Úsáidfean an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Beart Coiscitheach (CAPA) mar bhonn eolais do chinntí maidir le ceanglais reachtúla a bheith á gcomhlíonadh. Sa chás go dteipeann ar an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh d'fhéadfaí tús a chur le próiseas géaraithe.

Coimeádann an chigireacht an ceart na freagraí faighte a chur in eagar bunaithe ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléire, iomláine agus próisis riaracháin agus dlí a bheith á gcomhlíonadh.

Is é comhlacht na cigireachta a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

Tuilleadh Eolais

Chuir an soláthraí cláraithe a tháinig chomh fada leis an áitreabh i rith na cigireachta agus a d'éascaigh próiseas na cigireachta, in iúl don chigire nach bhfuil an dara seomra súgartha in úsáid faoi láthair mar gheall ar fhadhbanna a bhaineann le hacmhainní foirne. Tá 18 leanbh cláraithe faoi láthair a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar laethanta difriúla den tseachtain agus níl gach leanbh ag freastal ar an tseirbhís ag an am céanna.

Tá 2 shuíomh luathbhlianta cláraithe san fhoirgneamh agus tá acmhainní agus baill foirne á roinnt idir an 2 shuíomh i gcónaí. Tugadh faoi deara go mbogann leanaí idir an 2 sheirbhís agus seomra neamhchláraithe. Tugadh le fios go mbíonn an seomra neamhchláraithe in úsáid idir 8.30 - 9.30 am agus idir 12.30 - 17.00pm. Tugadh le fios go mbíodh an seomra neamhchláraithe in úsáid mar sheomra cúraim leanaí in aois scoile roimhe seo. Tugadh faoi deara ar lá na cigireachta gurb í an Soláthraí Cláraithe, Sarah Uí Shuilleabháin, soláthraí na seirbhíse neamhchláraithe a bhí ag feidhmiú san áitreabh.

Cuireadh sonraí maidir leis an tseirbhís seo ar fáil don Phainéal Forfheidhmithe Clárúcháin Náisiúnta. Reáchtáladh Cruinniú Forfheidhmithe Rialála leis an tseirbhís seo ar an 19 Meitheamh 2023 chun na nithe géaraithe a réiteach.

Buíochas

Is mian leis an gcigire toilteanas an tsoláthraí chláraithe, an duine i gceannas, na mball foirne agus na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta comhoibriú leis an gcigireacht a admháil.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Cuid II - Clárú agus Clár

Rialachán 8 - Fógra i dtaobh athrú ar imthosca

(1) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile shealadach, faoi réir mhír (3), fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh aon athrú a bheartaítear a dhéanamh ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2), 60 lá ar a laghad roimh an dáta a bheartaítear a bheadh éifeacht leis an athrú.

(3) I gcás nach raibh soláthraí cláraithe ábalta ar chúis mhaith chuí fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht laistigh den tréimhse a shonraítear i mír (1) nó (2), de réir mar a bheidh, i dtaobh athrú ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2), déanfaidh an soláthraí cláraithe fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh an athraithe a luaithe is féidir dá éis sin.

Faisnéis Neamhchomhlíonta

(1)(3)

1. Bhí seirbhís chúraim á cur ar fáil do leanaí luathbhlianta i seomra cúraim neamhchláraithe a bhí in úsáid do chúram leanaí in aois scoile, idir 8.30 - 9.30 agus 12.30 - 17.00, seomra a bhí i bhfoirgneamh ar leith agus nach raibh measúnú déanta air chun críche cigireachta maidir le hoiriúnacht don fheidhm nó ceadaithe ag Oifig Clárúcháin Luathbhlianta Náisiúnta le húsáid mar shaoráid cúraim leanaí.

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach déanta ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach

(1)(3)

Rinneadh iarratas nua tríd an tairseach Luathbhlianta - ní gníomh oiriúnach é seo chun déileáil leis an tsaincheist seo agus dúnadh an t-iarratas.

Doiciméid tacaíochta curtha ar fáil

Rinneadh iarratas nua tríd an tairseach.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Tuairim Achomair

I ndiaidh an Chruinnithe Forfheidhmithe Rialála a reáchtáladh ar an 19 Meitheamh 2023, pléadh agus réitíodh an tsaincheist seo.

Chuir an tseirbhís seo stop le seirbhís réamhscoile a chur ar fáil sa seomra neamhchláraithe seo.

Tá an rialachán seo á chomhlíonadh.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-

(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,

(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus

(c) go mbeidh sa tseirbhís struchtúr soiléir bainistíochta ina dtugtar sainaitheantas do na línte údaráis agus cuntasachta sa tseirbhís agus do ról shonracha agus do fhreagrachtaí sonracha gach fostaí agus gach oibrí nach n-íoctar.

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(a) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,

(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,

(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

(d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

(3) Déanfar na nósanna imeachta a shonraítear i mír (2) a chur i gcrích sula ndéanfar aon duine a cheapadh nó a shannadh nó sula gceadófar dó nó di rochtain a bheith aige nó aici ar leanbh nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach leis sin, ar a laghad.

Faisnéis Chomhlíonta

- (1) (a) Tá sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá.
(b) Beidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh.
- (2) Dheimhnigh an soláthraí cláraithe a bhí ar an láthair ar lá na cigireachta go raibh 2 dhuine fásta tosaithe ag obair sa tseirbhís ó rinneadh an chigireacht roimhe sin ar an 07/04/2021, dá bhrí sin, rinneadh athbhreithniú ar na taifid earcaíochta a bhain leis an 2 dhuine fásta sin.
- (a) Bhí 3 theistiméireacht scríofa agus 1 thaifead bailíochtaithe ar comhad ó fhostóir roimhe seo.
(b) Bhí 1 theistiméireacht bhailíochtaithe ar comhad ó fhoinsé eile seachas fostóir roimhe seo.
(c) Bhí Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar comhad don 2 dhuine fásta.
- (4) Bhí cáilíochtaí in oiliúint cúraim leanaí ag Leibhéal 5 agus níos airde bronnta ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ar na daoine fásta atá ag obair go díreach leis na leanaí.

Faisnéis Neamhchomhlíonta

- (2)
- (a) Ní raibh taifid bhailíochtaithe ar comhad le haghaidh 3 theistiméireacht.
- (d)
1. Ní raibh Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar comhad do 1 dhuine fásta a bhí ina c(h)ónaí lasmuigh den dlínse le haghaidh tréimhse níos faide ná 6 mhí i ndiaidh a chéile.
2. Níorbh fhéidir a dheimhniú cibé acu an raibh nó nach raibh Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ag teastáil le haghaidh 1 dhuine fásta a bhí fostaithe sa tseirbhís de bhrí nach raibh aon curriculum vitae ar fáil nó aon mhodh eile chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an raibh nó nach cónaí air nó uirthi lasmuigh den dlínse i gcomhair tréimhse níos faide ná 6 mhí i ndiaidh a chéile.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

(3) Níor cuireadh na nósanna imeachta a sonraíodh i mír 2 i gcrích i ndáil le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus bailíochtú na dteistiméireachtaí scríofa roimh shannadh, roimh cheapadh nó roimh rochtain a cheadú ar nó teagmháil le leanbh réamhscoile.

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach déanta ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach

Shonraigh an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas: -

(2)(a) Bhí na bailíochtuithe i gceist doiciméadaithe agus beidh sí níos críochnúla amach anseo agus cinnteoidh sí go leanfaidh sí na nósanna imeachta cearta nuair a bheidh na teistiméireachtaí á mbailíochtú.

(d)

1. Níor thuig sí nach raibh Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar comhad agus cinnteoidh sí go leanfar na nósanna imeachta cearta i gcónaí agus go mbeidh an t-eolas is déanaí aici maidir leis na ceanglais.
2. Aimsíodh an Curriculum Vitae i ndiaidh na cigireachta. Beidh na comhaid ábhartha san ord ceart i limistéar ainmnithe. Níl gá le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána de bhrí nach raibh cónaí ar an duine fásta i gceist lasmuigh den dlínse.

(3) Cloífeadh leis na nósanna imeachta cearta i gcónaí.

Doiciméid tacaíochta curtha ar fáil

(2)(a) Fuarthas 3 thaifead bailíochtaithe.

(d)

1. Fuarthas ríomhphost ina dtugtar le fios go bhfuil tús curtha leis an bpróiseas iarratais do Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le 1 dhuine fásta.
2. Fuarthas an Curriculum Vitae.

Tuairim Achomair

Tá an ceanglas a bhaineann leis an rialachán comhlíonta ach amháin Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do 1 dhuine fásta atá fós le cur ar fáil. Pléadh an cheist seo ag an gCruinniú Forfheidhmithe Rialála ar an 19 Meitheamh 2023 agus tá an próiseas grinnfhiosrúcháin seo fós ar siúl.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 11 - Leibhéal foirne

(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

(2) Faoi réir mhíreanna (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.

(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)—

(a) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís feighlíochta leanaí nó seirbhís réamhscoile sheisiúnach go mbeidh 2 dhuine fásta ar a laghad san áitreabh i gcónaí,

Faisnéis Chomhlíonta

(1) Chinntigh na soláthraithe cláraithe go raibh líon leordhóthanach daoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí i gcónaí.

(2) Bhí 1 sheomra in úsáid an lá a ndearnadh an chigireacht.

Bhí 2 dhuine fásta ag tabhairt aire do 10 leanbh idir 1 bhliain d'aois agus 4 bliana d'aois, 4 leanbh a bhí ag freastal ar an tseirbhís ar bhonn páirtaimseartha agus 6 leanbh a bhí ag freastal ar an tseirbhís don lá iomlán. Bhí an cóimheas idir daoine fásta agus leanaí ceart.

(8)(a) Chinntigh an soláthraí cláraithe go bhfuil 2 dhuine fásta ar an áitreabh i rith na n-uaireanta oibre.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 15 – Taifead ar leanbh réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach go gcoimeádfar taifead i scríbhinn i leith gach linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:

- (a) ainm agus dáta breithe an linbh;
- (b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;
- (c) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;
- d) ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra leis an leanbh agus uimhir theileafóin lenar féidir dul i dteagmháil leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse;
- (e) údarú chun an leanbh a bhailiú;
- (f) mionsonraí aon bhreiteachta, aon mhíchumais, aon ailléirge nó aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisnéis go léir is iomchuí maidir le cúram nó aire speisialta a sholáthar;
- (g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;
- (h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;
- (i) toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir chun cóireáil chúil liachta a chur ar an leanbh i gcás éigeandála.

Faisnéis Chomhlíonta

Taifeadadh na ceanglais atá sonraithe in (a) - (i), (a) agus (i) san áireamh, i ndáil le 4 den 9 dtaifead a athbhreithníodh.

Faisnéis Neamhchomhlíonta

- (1) Níor taifeadadh na sonraí seo a leanas i ndáil le 5 thaifead as 18 dtaifead a athbhreithníodh. -
- (f) sonraí maidir le haon bhreiteacht mar aon leis an bhfaisnéis go léir is iomchuí maidir le cúram nó aire speisialta a sholáthar
 - (g) uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh.
 - (h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh

Gníomh Ceartaitheach & Coiscteach déanta ag an Soláthraí Cláraithe

Tá an ceanglas a bhaineann leis an rialachán seo comhlíonta.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 16 – Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an

bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:

(a) ainm, post, cáilíochtaí agus taithí an duine i bhfeighil agus ainm, post, cáilíochtaí agus taithí gach fostaí eile, gach oibrí eile nach n-íoctar agus gach conraitheora eile;

(h) mionsonraí i dtaobh freastal ag gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;

(i) mionsonraí i dtaobh uainchlár foirne ar bhonn laethúil;

(j) mionsonraí i dtaobh aon chógas a thugtar do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus toiliú sínithe ó thuismitheoir ina dteannta;

(k) mionsonraí i dtaobh aon tionóisc, aon díobháil nó aon teagmhas a bhainfidh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

Faisnéis Chomhlíonta

(1)

Coimeádadh na taifid seo a leanas i scríbhinn: -

(a) Bhí Curriculum Vitae ar fáil do 1 as 2 chomhad duine fásta a ndearnadh cigireacht orthu.

(h) Mionsonraí i dtaobh freastal ag leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil.

(i) Mionsonraí i dtaobh uainchlár foirne ar bhonn laethúil.

(j) Bhí leabhar taifead maidir le cógas a riar ar fáil chun sonraí maidir le haon chógas riarta do leanbh réamhscoile le toiliú tuismitheora i scríbhinn ar fáil.

(k) Leabhar tionóisce agus teagmhais chun aon tionóisc, aon díobháil nó aon teagmhas a bhainfidh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a thaifeadadh.

Faisnéis Neamhchomhlíonta

(1)

(a) Ní raibh taifead ar thaithí/Curriculum Vitae ar comhad maidir le 1 dhuine fásta.

(i) Níor taifeadadh sonraí an bhaill foirne a bhí ag soláthar faoisimh ag amanna sosa ar an uainchlár foirne de réir mar is gá. Níor cuireadh aon chlúdach ar fáil do shos béile ar lá na cigireachta.

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach déanta ag an Soláthraí Cláraithe

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach

Shonraigh an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas: -

(1)

(a) Ní raibh an Curriculum Vitae códaithe i gceart agus aimsíodh é i ndiaidh na cigireachta.

(i) Ar lá na cigireachta, bhí ball foirne ar saoire agus d'fhill an ball foirne sin ar a p(h)ost ó shin agus tá clúdach faoisimh á chur ar fáil aige nó aici ag amanna sosa do bhaill foirne.

Doiciméid tacaíochta curtha ar fáil

(1)

(a) Cuireadh an Curriculum Vitae ar fáil.

(i) Glactar leis an ráiteas a fuarthas agus leis na huainchláir foirne mar fhianaise.

Tuairim Achomair

Tá an ceanglas a bhaineann leis an rialachán seo comhlíonta.

Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

(1) *Cinnteoídh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*

(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a údarú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh.

Faisnéis Chomhlíonta

RIACHTANAIS BHUNÚSACHA

- Soláthraíonn tuismitheoirí an linbh atá ag freastal ar an tseirbhís an bia ar fad a itheann na leanaí i rith an lae.
- Thug an cigire faoi deara go mbíonn na leanaí níos óige ina suí sna cathaoireacha beathaithe agus go mbíonn na leanaí níos sine ar na cathaoireacha ísle ag na boird ísle.
- I measc na gcineálacha bianna a bhí á n-ithe ag na leanaí bhí rollóga, ceapairí, craicir, teascáin oráiste, sméara dubha, sútha talún, cúcamar, bananaí agus don phríomhbhéile bhí bia atéite sa chistin lena n-áirítear prátaí brúite le glasraí agus sicín le glasraí agus pasta.
- Chabhraigh na daoine fásta leis na leanaí níos óige lena gcuid bia a ithe agus thacaigh siad leo agus spreag siad iad chun a gcuid bia féin a ithe fad is a bhí maoirseacht á déanamh orthu an t-am ar fad.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

- Bhí dóthain ama ag na leanaí chun a gcuid bia a ithe agus taitneamh a bhaint as gan a bheith faoi bhrú ama.
- Cuireadh uisce ar fáil do na leanaí i rith an tseisiúin agus líonadh na buidéal dí ag an doirteal sa seomra súgartha.
- Athraíodh clúidíní na leanaí i seomra speisialta athraithe clúidíní taobh amuigh den seomra súgartha, go tráthúil de réir mar a bhí riachtanach i rith an lae. Thug an cigire faoi deara go raibh na daoine fásta ag labhairt leis na leanaí agus gur mhínigh siad, roimh ré, do na leanaí go raibh a gclúidíní le hathrú.
- Bhí deis ag na leanaí gluaiseacht thart ar an seomra sa naíolann.

AN TIMPEALLACHT FHSICIÚIL AGUS NA HÁBHAIR

- Bhí dathanna geala ar bhallaí an tseomra súgartha agus seilfeanna oscailte ísle a bhí in úsáid chun roinnt trealaimh a stóráil mar aon le babóga, trucaílí, bréagáin fuaime agus foirne feirme. Bhí fearais chistine ar fáil mar aon le huirlisí gaolmhara stóráilte in aice leis na seilfeanna oscailte.
- Bhí mataí boga ar an urlár agus crochta ar na ballaí.
- Bhí limistéar speisialta ainmnithe do leanaí a bhí faoi 1 bhliain d'aois. Le fáil sa limistéar seo bhí mataí boga ar an urlár, mataí boga stuáilte ar an mballa laistigh d'fhálú linbh slán. .

Faisnéis Neamhchomhlíonta

RIACHTANAIS BHUNÚSACHA

1. Bhí 10 leanbh ag freastal ar an tseirbhís ar lá na cigireachta ar bhonn cúraim don lá iomlán, nach raibh príomhbhéile te á chur ar fáil dóibh.

AN TIMPEALLACHT FHSICIÚIL AGUS NA HÁBHAIR

2. Bhí rogha bréagán stóráilte ar sheilfeanna arda nach raibh na leanaí in ann lámh a leagan orthu. Ba cheart go mbeadh bréagáin ar fáil do leanaí chun na céadfaí ar fad a spreagadh agus go mbeidís in ann na bréagáin a thaitníonn leo a roghnú i rith an tseisiúin.
3. Ní raibh an limistéar scíthe oiriúnach do líon agus aoisraon na leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís.

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach déanta ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach

Shonraigh an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas: -

1. Tugadh treoir bia do na tuismitheoirí chun a mheabhrú dóibh nach mór go mbeadh béile te ag leanaí a fhreastalaíonn ar chúram don lá iomlán.
2. Fiafraíodh den fhoireann na bréagáin a rothlú ar bhealach níos éifeachtúla agus na bréagáin a athrú chun na leanaí a spreagadh.
3. Tá na pónaireáin nite ar fáil sa limistéar scíthe anois, agus tá an tolg nua le seachadadh go luath.

Doiciméid tacaíochta curtha ar fáil

1. Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

- Grianghraf de na bréagáin éagsúla ar fáil do leanaí ar sheif oscailte íseal.
- Grianghraf den limistéar scíthe forbartha agus sonrasc a léiríonn go bhfuarthas an tolg nua a ceannaíodh.

Tuairim Achomair

Tá an ceanglas a bhaineann leis an rialachán comhlíonta.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint

Cinnteoídh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoídh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.

Faisnéis Chomhlíonta

Sábháilteacht Ghinearálta:

- Bhí na doirse seachtracha sách slán chun cosc a chur ar leanaí ó dhul amach má bhíonn siad neamh-mhaoirsithe agus chun rochtain neamhúdraithe a stopadh.
- Bhí an doras dóiteáin lonnaithe taobh amuigh den seomra súgartha, ní raibh aon rud sa bhealach agus bhí aláram suiteáilte.

Rialú Ionfhabhtaithe:

- Glanadh na boird roimh agus i ndiaidh amanna béile.
- Tugadh faoi deara go raibh an línéadach a úsáideadh le haghaidh na gliabhán glan agus tirim, agus bhí dóthain ar fáil do gach leanbh.

Faisnéis Neamhchomhlíonta

Sábháilteacht Ghinearálta:

Limistéar súgartha taobh amuigh

- Ní raibh an fálú cruach mórthimpeall an dóire ola nasctha go slán leis na ballaí agus bhí tairní ar na ballaí - riosca go mbainfí gortú de na leanaí.
- Ní raibh doirteal iniompartha cruach dosmálta nasctha go slán le dromchla púróg - riosca go dtitfeadh leanbh agus go mbainfeadh gortú de leanbh.

Rialú Ionfhabhtaithe:

- Ní raibh soláthar leanúnach uisce the ar fáil ag an doirteal sa seomra athraithe clúidíní nuair a seiceáladh é ag amanna éagsúla i rith na cigireachta, rud a chruthaigh baol de thras-ionfhabhtú. D'aontaigh na daoine fásta agus an duine ainmnithe i gceannas leis seo agus thug siad le fios gurb é seo an t-aon doirteal san fhoirgneamh lena mbaineann an fhadhb seo.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

4. Bhí an phéint ar an aonad athraithe clúidíní ag scamhadh rud a chiallaigh go raibh sé deacair é a ghlanadh i gceart rud a chiallaigh go raibh riosca tras-ionfhabhtaithe ann.
5. Bhí 3 philiúir neamhchlúdaithe stóráilte ar shuíocháin na ndaoine fásta sa seomra codlata a raibh smáil orthu, rud a chruthaigh riosca tras-ionfhabhtaithe. Thug na daoine fásta le fios go n-úsáidtear iad seo i limistéar scíthe na naíolainne.
6. Ní raibh lipéad ar gach buidéal aonair na leanaí rud ba chúis le riosca tras-ionfhabhtaithe.
7. Ní raibh úsáid á baint as boscaí bruscair troitheánacha chun clúidíní a dhiúscairt sa seomra athraithe clúidíní rud ba bhonn le riosca go mbeadh ionfhabhtú á scaipeadh de réir an fhógra rialála a eisíodh.
8. I rith plé leis an bhfoireann, sonraíodh nach raibh gobáin na leanaí steirilithe más gá ar bhealach sláinteach oiriúnach chun tras-ionfhabhtú a chosc.

Codladh Sábháilte:

9. Bhí cáblaí monatóir linbh ag crochadh faoi sheifl díreach os cionn 1 chliabhán sa seomra codlata rud a bhí mar bhonn le riosca tachta do leanaí.
10. Ní raibh stiallacha cosanta plaisteacha daingnithe ar 3 chliabhán, d'fhéadfadh leanaí iad a bhaint go héasca rud a bhí mar bhonn le riosca gortaithe dóibh.
11. Níor taifeadh seiceálacha codlata don 1 leanbh a bhí ina c(h)odladh sa tseirbhís de réir dea-chleachtas na codlata sábháilte. Chuir an duine fásta in iúl don chigire nach ndeachaigh sí isteach chun an leanbh a sheiceáil fad is a bhí sé nó sí ina c(h)odladh.

Gníomh déanta ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach

Shonraigh an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas:

Sábháilteacht Ghinearálta:

1. Tá an fálú cruach deisithe agus sa suíomh ceart arís i ndiaidh é a bhaint anuas chun rochtain a fháil ar an gcoire chun é a sheirbhísiú.
2. Tógadh an doirteal ón limistéar.

Rialú Ionfhabhtaithe

3. D'fheistigh an pluiméir rialtóir uisce the nua i ndiaidh na cigireachta agus tá sé ag obair go héifeachtach.
4. Greanáladh agus péinteáladh an t-aonad athraithe clúidíní.
5. Baineadh na piliúir den limistéar.
6. Tá lipéad ceart curtha ag an bhfoireann ar gach buidéal.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

7. Tá bosca bruscair troitheánach lámhshaoir ordaithe.
8. Tá na gobáin á steiriliú trí úsáid a bhaint as an modh micreathonnach.

Codladh Sábháilte

9. Tá monatóir nua le ceamara suiteáilte.
10. Ceannaíodh stiallacha plaisteacha agus suiteálacha ar na cliabháin iad.
11. Tarraingíodh aird na mball foirne ar an tábhacht a bhaineann le gach seiceáil codlata a dhoiciméadú nuair a sheiceálann siad na leanaí.

Doiciméid tacaíochta curtha ar fáil

Sábháilteacht Ghinearálta:

1. Grianghraf den fhálú deisithe.
2. Grianghraf den limistéar súgartha taobh amuigh gan doirteal.

Rialú Ionfhabhtaithe:

3. Sonrasc don rialtóir teochta nua a suiteáladh.
4. Grianghraf den aonad athraithe clúidíní athpheinteáilte.
5. Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.
6. Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.
7. Cuireadh an ráiteas agus sonrasc ar fáil agus glacadh leo mar fhianaise.
8. Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.

Codladh Sábháilte:

9. Fuarthas grianghraf den chábbla atá suiteáilte go sábháilte.
10. Cuireadh grianghraf agus ráiteas ar fáil agus glactar leo mar fhianaise.
11. Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.

Tuairim Achomair

Tá an ceanglas a bhaineann leis an rialachán seo comhlíonta.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 24 - Seiceáil isteach agus amach agus taifead ar fhreastal

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfaidh fostaí nó oibrí nach n-íoctar gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a sheiceáil isteach sa tseirbhís agus amach aisti.

Faisnéis Chomhlíonta

(1) Bhí córas chun tinreamh leanaí réamhscoile a thaifeadadh ar fáil sa seomra súgartha.

Faisnéis Neamhchomhlíonta

1. Ar lá na cigireachta, ní raibh léargas cruinn á thabhairt sa taifead tinrimh ar an líon leanaí a bhí i láthair de bhrí nach raibh am isteach leanbh amháin taifeadta ar an mbileog tinrimh laethúil.

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach déanta ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach

Shonraigh an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas:

Tarraingíodh aird gach ball foirne ar an tábhacht a bhaineann le tinreamh gach linbh a dhoiciméadú.

Doiciméid tacaíochta curtha ar fáil

Glactar leis an ráiteas mar fhianaise.

Tuairim Achomair

Tá an ceanglas a bhaineann leis an rialachán seo comhlíonta.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 25 - Garchabhair

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—

(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus

(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

Faisnéis Chomhlíonta

(1) Bhí 1 dhuine fásta ar an uainchlár ar lá na cigireachta i ndiaidh cúrsa Garchabhrach céad fheagróra a chur i gcrích.

(2)

(a) Bhí bosca garchabhrach oiriúnach stóráilte i gcófra ard sa seomra súgartha.

(b) Bhí an bosca garchabhrach ar fáil don leanbh a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile i gcónaí.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—

(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus

(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealamh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.

(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

Faisnéis Chomhlíonta

(1) Bhí taifead scríofa de na nithe seo a leanas á choimeád ag an tseirbhís: -

(a) Bhí gach druil dóiteáin déanta sa tseirbhís. Rinneadh an druil dóiteáin deiridh ar an 03/03/23. Bhí an tseirbhís dúnta do shaoire na Cásca ina dhiaidh sin.

(b) Coimeádadh taifead de líon, cineál agus seiceálacha cothabhála ar an trealamh comhraicthe dóiteáin agus aláram dóiteáin. Fianaise ba ea na taifid ar comhad go ndearnadh an tseiceáil deiridh ar na múchtóirí dóiteáin ar an 30/03/2023 agus ar an aláram dóiteáin ar an 14/01/2023.

(4) Bhí fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint sa tseirbhís.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 28 - Árachas

Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.

Faisnéis Chomhlíonta

Bhí cóip den deimhniú árachais don tseirbhís ar comhad.

San áireamh san fhaisnéis a bhí ar fáil ar an deimhniú árachais bhí:

- sonraí teagmhála an tsoláthraí árachais
- ainm agus seoladh na seirbhíse árachaithe.
- an chatagóir cumhdaigh árachais don tseirbhís
- bhí 43 leanbh cumhdaithe ar an bpolasaí árachais.

Ba é 21/06/23 dáta éaga an chumhdaigh árachais reatha.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil



Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta - Réamhscoil

Cuid VII - Ceanglais maidir le háitribh agus Spás

Rialachán 29 - Áitribh

Cinnteoídh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—

(a) go mbeidh struchtúr an áitribh fóna daingean

(d) go ndéanfar é a ghlanadh, a chothabháil agus a dheisiú, de réir mar is gá.

Faisnéis Chomhlíonta

(a) Bhí an chuma ar an scéal go raibh an t-áitreabh slán agus sábháilte.

Faisnéis Neamhchomhlíonta

(d) Bhí tuailí salacha, cuileoga agus neadacha damhán alla ar an leac fuinneoige sa seomra codlata.

